



An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

An Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha

2021

CIORCLÁN TREORACH

Samhain 2020

Clár Ábhar

1. Cúlra agus Cuspóir na Scéime	2
2. Cáilitheacht	3
3. An Próiseas Iarratais agus Measúnaithe	3
4. Monatóireacht ar Dhul Chun Cinn Tionscadal	6
5. Cistiú a Íoc	6
6. Téarmaí & Coinníollacha	7
7. Oibreacha Cáilitheacha & Neamhcháilithe	11
8. Forbhreathnú ar Dhul Chun Cinn	17
9. Ráitis Mhodha	18

Aguisíní:

I Foirm A – Le comhlánú ag an Iarratasóir

1. Cúlra agus Cuspóir na Scéime

Cuireann an treoir seo faisnéis ar fáil d'údaráis áitiúla maidir le hoibriú agus riarachán **na Scéime Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha (SIOT/BHIS) 2021**.

1.1 Cúlra

Tá tionchar ag cáilíocht ár dtimpeallacht thógtha stairiúil ar ár saol laethúil. Cuireann sí le beogacht ár gcathracha, mbailte, sráidbhailte agus na tuaithe agus cothaíonn sí mórtas áite, agus cuireann sí feabhas ar cháilíocht ár saoil laethúil.

Cuireann an timpeallacht thógtha stairiúil go mór le rath geilleagrach trí infheistíocht a mhealladh, fostaíocht dhíreach agus indíreach a sholáthar, anuas ar bhonn scileanna traidisiúnta a chothú lena chur i bhfeidhm níos fairsinge. Tá ár n-oidhreacht thógtha ar cheann de na nithe is mó a mheallann cuairteoirí go hÉirinn, mar sin neartaíonn caomhnú agus cur chun cinn na hoidhreachta sin ár dtionscal turasóireachta agus cuireann sí le hathghiniúint ceantar uirbeach agus thuaithe.

Is iad príomhchoimeádaithe struchtúr, a chosnaítear faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, a n-úinéirí agus a n-áititheoirí, agus leagtar an fhreagracht as a gcosaint orthu, maraon leis na húdaráis áitiúla.

Tá an Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha deartha mar thacaíocht d'úinéirí agus d'áititheoirí chun cúram a thabhairt d'ár n-oidhreacht thógtha agus a chinntiú go dtugtar cosaint dí sa todhchaí.

1.2 Cuspóir na Scéime

Is í cuspóir na Scéime Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha, caipiteal príobháideach a ghíaráil lena infheistiú i líon suntasach tionscadail dlúthshaothair bheagscála chaomhnaithe ar fud na tíre agus chun tacú le gairmithe caomhnaithe agus ceardaithe oilte agus taithíocha chun an timpeallacht stairiúil thógtha a dheisiú.

1.3 Oibriú na Scéime in 2021

COVID-19

Ta an scéim seo á riar tráth is atá na srianta riachtanacha ar thaisteal agus ar obair ag athrú go minic. Táthar ag súil go gceadófar na hoibreacha atá á gcistiú faoi BHIS 2021 i rith na bliana, ach ní féidir glacadh leis seo. Is gá go ndéanfaí na hoibreacha uile ag teacht go hiomlán le haon treoir ar COVID-19 ón Rialtas/ FSS. Sa chás go gcuireann aon treoir dá leithéid nó rialú eile ón Rialtas/ FSS bainteach le COVID-19 cosc ar dhul ar aghaidh le haon obair, ar feadh aon tréimhse ama, ba chóir an t-údarás áitiúil a chur ar an eolas agus cuirfidh siadsan an Roinn ar an eolas ansin. D'fhéadfadh an Roinn aon choigilt a éiríonn as moill dá leithéid de réir théarmaí an Chiorcláin seo a athdháileadh.

Oibreofar an scéim seo i gcaitheamh 2021, agus cistiú le héileamh laistigh den bhliain féilire sin. Riarfaidh na húdaráis áitiúla an scéim, agus leithdháilfear méid áirithe ar gach ceann acu ón gciste foriomlán de €3 milliún, faoi mar a chinneann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (An Roinn).

Ní ghlacfar ach le hiarratas amháin i leith gach struchtúr stairiúil. Ní féidir le hiarratasóirí leas a bhaint as cistiú faoin gCiste um Struchtúir Stairiúla agus faoin Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha araon sa bhliain chéanna.

2. Cáilitheacht

Tá an Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha deartha chun cabhrú le deisiú agus caomhnú struchtúr a chosnaítear faoin na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt. I gcásanna áirithe, tugann an scéim tacaíocht ar fáil chomh maith, chun struchtúir a chaomhnú laistigh de Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (LCA) sa chás, i dtuairim an údaráis áitiúil, gur léiríodh go dteastaíonn oibreacha chun feabhas a chur ar charachtar agus ar dhealramh an LCA. Is í príomhchuspóir na scéime tacú le maoin atá faoi faoi úinéireacht phríobháideach a theastaíonn deisiú agus caomhnú uaithe.

Is féidir leis an scéim seo tacú freisin le tionscadail ina gcuimsítear eilimint de oiliúint i scileanna traidisiúnta. Is gá aon tionscadal dá leithéid a chomhaontú leis an Roinn agus an údarás áitiúil ábhartha.

2.1 Struchtúir Cháilitheacha

Struchtúir faoi chosaint. Struchtúir a n-áirítear i dTaifead na Struchtúir faoi Chosaint (an TSC) de chuid gach limistéar údaráis áitiúil.

Struchtúir faoi Chosaint a Bheartaítear. Struchtúir a bheartaítear a chuimsiú sa TSC ach nár faomhadh go foirmiúil iad go fóill. Caithfear na struchtúir siúd a chur leis an TSC faoin 31 Nollaig 2021.

Struchtúir i Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (LCAanna), nó laistigh de chonláiste Séadchomhartha Náisiúnta, sa chás go measann an Roinn go bhfuil cúinsí eisceachtúla i gceist.

2.2 Oibreacha Cáilitheacha agus Neamhcháilitheacha

Leagtar amach na hOibreacha Cáilitheacha agus Neamhcháilitheacha i gCuid 7 den Chiorclán seo.

Tá sruth cistithe á chur ar fáil ag an Roinn faoin scéim seo arís le haghaidh oibreacha mar chothabhaíl ghnáthaimh agus mion-deisiúcháin, nach raibh incháilithe roimhe seo le haghaidh cistithe faoin scéim. Ba chóir d'údaráis áitiúla ar mian leo leas a bhaint as an sruth cistithe seo é seo a thabhairt san áireamh agus iad ag fógrú na scéime agus €2,000 a chur ar leathaobh do na hhoibreacha seo i rith 2021.

3. An Próiseas Iarratais agus Measúnaithe

3.1 An Próiseas Iarratais d'Úinéirí/Áititheoirí

Caithfear iarratais a dhéanamh leis an údarás áitiúil ábhartha (**Foirm A**) faoi spriocdháta a leagann an t-údarás áitiúil amach ach tráth nach déanaí ná **an 29 Eanáir 2021**.

Sa chás nach úinéir struchtúir incháilithe é nó í an t-iarratasóir, beidh ar an iarratasóir litir a sholáthar in éineacht le **Foirm A** ón úinéir a dhearbhaíonn go bhfuil cead an úinéara ag an iarratasóir chun tabhairt faoin obair.

Sa chás go bhfuil an struchtúr faoi úinéireacht údaráis áitiúil nó go bhfuil cúnaimh airgeadais á sholáthar ag údarás áitiúil d'oibreacha ar struchtúr i mbaol faoi Alt 59, 69 agus/nó 70 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), is féidir le hoifigeach ainmnithe den údarás áitiúil an t-iarratas a dhéanamh le comhshíniú an Stiúrthóra Seirbhísí ábhartha leis.

Ba cheart go mbeadh na hoibreacha a bheartaítear i gcomhréir leis na caighdeáin dheachleachtais, faoi mar a dtugtar cuntas air in [Cosaint Oidhreacht Ailtireachta - Treoirlínte d'Údaráis Pleanála \(2011\)](#) agus i bhfoilseacháin [Sraith Comhairle](#) na Roinne. Caithfear na treoirlínte maidir leis an bPróiseas Seandálaíochta agus Pleanála a d'eisigh Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, agus na bileoga treorach a thabhairt san áireamh a d'eisigh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) maidir le gnáthóga agus speicis sa chás gur cuí.

Féach cuid 8, tábla a thugann forbhreach ar an bpróiseas agus ar na príomhdhátaí.

3.2 An Próiseas Measúnaithe

Ba cheart do phainéal saineolaithe laistigh den údarás áitiúil measúnú a dhéanamh ar iarratais, an tOifigeach Caomhantais Ailtireachta, nó, sa chás nach bhfuil cead fostaithe, comhalta d'fhoireann ghairmiúil an údaráis áitiúil atá inniúil chun tabhairt faoin bhfeidhm seo. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar iarratais faoi na critéir seo a leanas a mbaineann an tábhacht chéanna leo:

1. Tábhacht an Struchtúir

2. Éifeachtúlacht na nOibreacha

Ba cheart d'iarratasóirí a mhíniú conas a léiríonn méid an chistithe a lorgaítear **luach ar airgead** agus conas a **chuireann sé go mór** le rioscaí a dhíthiú agus conas a chuireann sé cosc ar dhul in olcas breise an struchtúir, agus a chinntíonn sé, dá bharr, go leanfaidh sé a bheith ann amach anseo.

3. Tairbhí Fostaíochta

Ba cheart **luach cruthaithe post** don tionscadal ar leith a chur san áireamh, chomh maith, an líon measta laethanta fostaíochta ina measc. Ba cheart d'aon tuairisc ar thionscadail a bhfuil traenáil mar chuid díobh, cur síos gearr a thabhairt ar nádúr, méid, leibhéal agus líon na laethanta traenála a cuireadh ar fáil.

4. Caighdeán na nOibreacha Beartaithe

Ní mór go mbeadh na hoibreacha caomhnaithe deartha, sonraithe agus maoirsithe ar an láithreán ag gairmí caomhnaithe foirgneamh le cáilíocht agus taithí cuí acu agus a mbeidh orthu a dhearbhu go ndearnadh an obair de chaighdeán sásúil. Féach 6.2 Téarmaí agus Coinníollacha le haghaidh tuilleadh eolais.

Nuair atá an saineolas sonraitheach idir lámha ag cleachtóir, m.sh. tuíodóir nó saor cluiche, comhlíonann siadsan ról an ghairmí i dtógáil chaomhnaithe.

3.3 Úinéireacht/Áitiú ag Údarás Poiblí

Is féidir uas de **20% ar a mhéid**, de leithdháileadh foriomlán cistithe gach údarás áitiúil a úsáid do struchtúir faoi úinéireacht/áitiú poiblí.

3.4 Cistiú Tionscadal

Is **€2,500** an cistiú íosta a bhronntar ar thionscadail rathúla agus **€15,000** a mhéid. Leithdháilfidh an t-údarás áitiúil cistiú do thionscadail bunaithe ar phrósas ceart measúnaithe (féach Cuid 3). Ba cheart tús áite a thabhairt do thionscadail bheagscála dlúthshaothair. Ba cheart go léireodh tionscadail réimse scileanna caomhnaithe, agus níor cheart dóibh a bheith dírithe ar limistéar tíreolaíochta ar leith ná ar shaghas ar leith struchtúir.

Sa chás gur bhronnadh cistiú faoin scéim phíolótach le haghaidh oibreacha mar **chothabhaíl ghnáthaimh agus mion-deisiúcháin** ní bheidh feidhm ag an íosmhéid. Is €2,500 a bheidh mar uasmhéid do thionscadail dá leithéid.

3.5 Cistí Comhoiriúnaithe

Faoin SIOT, **níor cheart do luach iomlán an chisithe poiblí go léir a sholáthraítear do thionscadail aonair 50% de chostas iomlán an tionscadail a shárú**, cistiú ina measc a fhaightear ó ghníomhaireachtaí poiblí eile, an SEAI, an Chomhairle Oidhreachta, LEADER, Ranna Rialtais agus údarás áitiúla eile ina measc. Ní féidir obair dheonach (sochar comhchineáil) nó cistí/ranníocaíochtaí féin údarás áitiúil nó cistiú ó fhoinsí eile státchiste a úsáid chun riachtanas an chaiteachais chomhfhreagraigh a shásamh.

Faoi chúinsí eisceachtúla, féadfaidh an t-údarás áitiúil, i ndiaidh comhaontú scríofa a fháil ón Roinn, cistiú a leithdháileadh ar thionscadal sa chás go sáraíonn an cistiú iomlán poiblí 50% de chostas iomlán an tionscadail. Níl súil leis ag an Roinn go dtiocfadh na cúinsí eisceachtúla siúd aníos i gcás breis agus 20% de leithdháileadh iomlán an údarás áitiúil.

Caithfidh a chomhionann de ranníocaíocht ó chistí príobháideacha gabháil le leithdháileadh foriomlán an údarás áitiúil. Mar shampla, má leithdháiltear €72,000 ar údarás áitiúil, caithfear €72,000 de chistí príobháideacha, ar a laghad, a chaitheamh.

3.6 Sceideal na dTionscadal

Tá ar an údarás áitiúil sceideal sealadach de thionscadail a chur chuig an Roinn ar **Fhoirm B** faoin **12 Feabhra 2021**. Caithfidh an Stiúrthóir Seirbhísí ábhartha an fhoirm seo a dheimhniú, maraon le nóta cumhdaigh sínithe.

3.7 An Cistiú a Bhronnadh a Fhógairt

I ndiaidh ceadú foirmiúil a fháil ón Roinn, ba cheart do na húdarás áitiúla na hiarratasóirí rathúla a chur ar an eolas. Ba cheart go leagfadh an fógra an leibhéal cistithe amach a cheadaíodh, an amlíne chun na hoibreacha a chur i gcrích, agus téarmaí agus coinníollacha an bhronnta.

Foilseofar tionscadail ar ar bhronnadh cistiú faoin scéim seo ar shuíomh gréasáin na Roinne agus ba cheart iad a fhoilsiú chomh maith ar shuíomh gréasáin an údarás áitiúil féin.

4. **Monatóireacht ar Dhul Chun Cinn Tionscadal**

4.1 **Tuairiscí Rialta ar Dhul chun Cinn (Foirm B)**

Éilítear ar údaráis áitiúla iniúchtaí iarbhir a dhéanamh ar láithrín i rith an tionscadail agus éilítear orthu Foirm B a nuashonrú agus a chur isteach ag eatrainmh rialta leis an méid seo a leanas san áireamh:

- dul chun cinn na n-oibreacha
- méid an chistithe a éilítear (más ann)
- méid an chistithe phríobháidigh a ghiaíltear (más ann), agus
- líon na laethanta fostaíochta a cruthaíodh (más ann)

Caithfear **Foirm B** a chur chuig an Roinn faoin **30 Meitheamh 2021, 17 Meán Fómhair 2021** agus **5 Samhain 2021**. I ngach cás, caithfear **Foirm B** a chur isteach maraon le Dearbhú Tuarascála ar Dhul chun Cinn sínithe ag an Stiúrthóir Seirbhísí ábhartha.

Dírítear d'aire, sa chás nach ndéantar oibreacha agus nó traenáil de réir théarmaí na scéime, go háirithe nuair a athraítear scóip na n-oibreacha agus nach bhfuil na hoibreacha nua i gcomhréir na ngcaighdeán riachtanach de dhea-chleachtais chaomhnaithe, nach bhfuil aon dualgas ag an Roinn an deontas a bhronnadh, toisc gur sárú ábhartha é seo ar théarmaí thairiscint an deontais.

4.2 **Monatóireacht ar Dhul chun Cinn an Tionscadail**

Is gá d'údaráis áitiúla monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn tionscadal lena chinntiú go gcuirfear oibreacha i gcrích agus go gcuirtear an t-éileamh ar chistiú isteach faoi na spriocdhátaí riachtanacha. Sa chás nach bhfuil oibreacha ag leanúint ar aghaidh i gcomhréir leis na spriocdhátaí, féadfaidh an t-údarás áitiúil, faoina lánrogha, an cistiú a aistarraingt agus é a athdháileadh ar thionscadal eile. Caithfear an Roinn a chur ar an eolas ar gach athdháileadh cistithe. Más mian le húdarás áitiúil cistiú a athdháileadh ar thionscadal nár faomhadh i dtosach báire don scéim seo, beidh seo faoi réir fhaomhadh na Roinne.

Tabhair faoi deara go bhféadfaidh an Roinn tabhairt faoi chigireachtaí ar struchtúir.

4.3 **Cistiú a Athdháileadh**

Sa chás nár cuireadh tús le hoibreacha faoin **17 Meán Fómhair 2021**, ba cheart é seo a chur in iúl ar **Fhoirm B**. I ndiaidh dul i gcomhairle leis an údarás áitiúil ábhartha, tá an ceart ar cosaint ag an Roinn cistiú a athdháileadh ar údarás áitiúil eile, ar thionscadail a shásaíonn na critéir don scéim ina measc, sa chás gur tháinig géarghá chun solais i gcaitheamh na bliana.

Féadfaidh an Roinn, faoina lánrogha, cistí neamhúsáidte faoin scéim a athdháileadh ar oibreacha sa chás gur tháinig géarghá aníos i ndiaidh dháta deiridh na n-iarratas agus go gcaileodh na hoibreacha ar bhealach eile don scéim.

5. **Cistiú a Íoc**

5.1 **Forbhreathnú ar an bPróiseas Íocaíochta**

Tá údaráis áitiúla freagrach as cistí a íoc faoin scéim le hiarratasóirí rathúla **roimh** íocaíocht a lorg ón Roinn. **Caithfear na hoibreacha go léir a bheith críochnaithe** agus


deimhnithe ag an údarás áitiúil a bheith de réir théarmaí bhronnadh an deontais sular féidir leis an iarratasóir íocaíocht cistithe a lorg.

Caithfidh Foirm C, Éileamh ar Aisíocaíocht a bheith comhlánaithe, sínithe agus seolta ar ais chuig an Roinn faoin **5 Samhain 2021**. **Caithfidh** Foirm B dheiridh gabháil leis an bhfoirm, maraon le cruthúnas gur íocadh cistiú le gach iarratasóir rathúil, e.g. asphrionta ó Agresso nó óna mhacasamhail de chóras airgeadais (a léiríonn ainm an iarratasóra agus dáta na híocaíochta araon). **Ba cheart do údarás áitiúla grianghraif dhigiteacha shoiléire de chaighdeán maith d'oibreacha a chur isteach (roimh agus i ndiaidh) chun sampla léiritheach de thionscadail agus ba cheart go ngabhadh tuairisc achomair ghearr leis seo ar na hoibreacha tionscadail a cuireadh i gcrích.**

Ní cheart d'údarás áitiúla ach Foirm B amháin, Éilimh ar Íocaíocht, a chur isteach.

Caillfear aon chistiú nach éilithítear faoin spriocdháta.

Forbhreathnú ar an bPróiseas Íocaíochta:



6. Téarmaí agus Coinníollacha

6.1 Fógraíocht

Ba cheart don údarás áitiúil cóip leictreonach den chiorclán seo agus an fhoirm iarratais ábhartha a phostáil ar a suíomh gréasáin laistigh de sheachtain amháin den Aire an scéim a lainseáil.

6.2 Measúnú, Faomhadh agus Maoirsiú Tionscadal

Tá freagracht ag gach údarás áitiúil iarratais faoin scéim a mheasúnú agus a fhaomhadh agus déanfaidh siad iniúchadh gur críochnaíodh na hoibreacha i gcomhréir le dea-chleachtas caomhnaithe agus é sin a dheimhniú. Déanfaidh an t-údarás áitiúil measúnú ar gach iarratas ag úsáid na gcritéir a leagtar amach i **gCuid 3.2 den chiorclán seo**.

Sa chás go raibh clár traenála ann, déanfaidh an t-údarás áitiúil measúnú ar dhul chun cinn agus ar críochnaíodh é.

Cinnteoídh údaráis áitiúla go ndéantar oibreacha caomhnaithe a bheartaíonn na hiarratasóirí **a dhearadh, a shonrú agus a mhaoirsiú ar an láthair ag gairmí caomhnaithe foirgneamh taithíoch** a bhfuil na **cáilíochtaí cuí acu** sa réimse caomhnaithe foirgnimh, rud a d'fhéadfaí a léiriú trí bhallaíocht de scéim chaomhnaithe chreidiúnaithe ó institiúid gairmiúil. Aithníonn an Roinn go bhféadfadh eisceachtaí a bheith ann ina leith seo nuair a chuirtear scála agus cineál na n-oibreacha san áireamh atá á mbeartú nó sa chás go mbíonn an saineolas sonrach ag an gcleachtóir, e.g. tuíodóir nó saor cloiche. Caithfidh na húdaráis áitiúla a chinntiú go mbeidh na deimhniúcháin riachtanacha go léir ag teastáil in áit fad a bhíonn oibreacha ar bun agus atá críochnaíodh leo.

6.3 Oibreacha Cáilitheacha agus Neamhcháilitheacha

Leagtar amach na hOibreacha Cáilitheacha agus Neamhcháilitheacha i gCuid 7 den Chiorclán seo.

6.4 Ráiteas Modha

Ba cheart **Ráiteas Modha** feiliúnach, mar a leagtar amach i gCuid 9 den chiorclán seo, arna dhréachtú ag gairmí caomhnaithe foirgneamh inniúil a bheith faofa ag duine inniúil laistigh den údarás áitiúil do gach iarratasóir a fuair faomhadh sealadach ar chistiú, sula gcuirtear tús leis na hoibreacha.

6.5 Grianghraif

Ba cheart údaráis áitiúla grianghraif dhigiteacha d'ardchaighdeán den tionscadal a lorg ón iarratasóir sula gcuirtear tús leis na hoibreacha, a bhféadfaí a úsáid, níos déanaí, chun comparáid 'roimh agus i ndiaidh' a dhéanamh ar mhaithe le cuspóirí tuairiscithe. Bí ar an eolas go bhféadfaidh an Roinn aon íomhá nó na híomhánna go léir a úsáid a sholáthraíonn an t-iarratasóir nó an t-údarás áitiúil chun an scéim a fhógairt nó a phoiblíú. Moltar d'iarratasóirí agus d'údaráis áitiúla cead a fháil íomhánna a úsáid (más gá) sula gcuireann siad faoi bhráid na Roinne iad.

6.6 Iarratasóirí a bhfuil Faoiseamh Cánach Gaolmhar á fháil acu

Sa chás go bhfuair iarratasóir faoiseamh cánach faoi **Alt 482** den *Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997* (arna leasú), (roimhe seo Alt 19 den *Acht Airgeadais 1982*) agus/nó sa chás go bhfuair an t-úinéir/áititheoir faoiseamh cánach faoin **Scéim um Fheabhsúcháin Tí** nó faoi **Thionscnamh na Cathrach Beo**, tá an dualgas áfach, ar an úinéir/áititheoir a bhfuil an faoiseamh cánach thuasluaite á fháil aige/aici, chun na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas ar aon chistiú a fhaightear tríd an scéim seo.

6.7 Ceanglais Reachtúla

Caithfidh na hoibreacha atá faofa do dheontais gach ceanglas reachtúil a chomhlíonadh, cead pleanála ina measc. Sa chás go mbeartaítear oibreacha a dhéanamh ar láithreáin/shéadchomharthaí atá faoi chosaint faoi *Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930-2004*, caithfear na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh chun fógra a thabhairt nó le haghaidh toiliú ón Aire faoi na hAchtanna siúd.

Ceanglófar ar iarratasóirí cóipeanna a chur isteach de gach cead, dearbhú, fógra nó toiliú ábhartha nuair a dhéantar éileamh ar dheontas.

Tá an dualgas ar an iarratasóir gach ceanglas reachtúil eile ábhartha a chomhlíonadh, ar nós na hAchtanna um Fhiadhúlra, ceadúnais urthrá (más infheidhme), an reachtaíocht Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa, agus reachtaíocht comhshaoil agus fostaíochta. Cuirtear an méid seo ar a leanas ar aird an údaráis áitiúil: (*An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta 2012*) *Speicis Ainmhithe a Dhianchosaint: Treoir d'údaráis áitiúla ar Airteagail 12 agus 16 den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE a chur i bhfeidhm ar fhorbairt/oibreacha a dhéantar ag thar ceann údarás áitiúil. Tá foilsíú na dTreoirínte d'Éirinn maidir le Maolú Ialtóg Éire (2006) ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne [anseo](#).*

6.8 Cistiú Státhiste Eile

B'fhéidir go mbeidh tionscadail incháilithe cistiú a fháil ó bhreis agus scéim amháin a chistítear go poiblí. Lena chinntiú go gcomhlíontar na riachtanais maidir le cistiú comhfhreagrach don scéim, ba cheart don údarás áitiúil faisnéis a sholáthraíonn an t-iarratasóir a chros-seiceáil maidir le cistiú ó scéimeanna eile, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh seo:

- (a) An Scéim Deontais Tuíodóireachta a riarann an Chomhairle Oidhreachta nó Ranna Rialtais eile
- (b) Deontais chaomhnaithe a riarann an Chomhairle Oidhreachta
- (c) Scéimeanna um Fheabhsú Fuinnimh a oibríonn an SEAI (más ábhartha)

Sa chás go ndearna iarratasóir iarratas ar, nó sa chás go bhfuair sé/sí cistiú ó scéimeanna eile atá comh-mhaoinithe ag an AE (e.g. Clár LEADER) d'oibreacha a faomhadh faoin scéim seo, **ní mór nach sáraíonn** iomlán carnach an chistithe sin **agus** an cistiú faoin scéim seo **na teorainneacha a leagtar amach sna scéimeanna Cistithe Eorpacha siúd.**

6.9 Caiteachas Incháilithe

Ní cheadaítear **Cáin Bhreisluacha (CBL)** faoin scéim seo, ach don chuid sin de na hoibreacha caipitiúla atá á gcistiú agus ach amháin faoi chúinsí nach bhfuil an CBL sin in-aisghabhála faoin scéim seo ar aon bhealach eile.

Ní cheadaítear **Táillí Gairmiúla** ach i dtaca leis an gcuid sin d'oibreacha caipitiúla atá á gcistiú ag an scéim. Cheadaítear táillí gairmiúla a bhaineann leis an eilimint traenála, más iomchuí, lena n-áirítear na pleananna agus tuairicí traenála a ullmhú, agus ar mhaoirseacht láithreáin agus monatóireacht ar thraenáil.

6.10 Íocaíocht

De réir Cuid 3.11 (f) de Chiorclán na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá sé réamhshocraithe go gcaithfear an deontas a íoc bunaithe ar chaitheachas dearbhaithe. Tá ar dheontaí atá ag déanamh éilimh ar íocaíocht deontais bunaithe ar chaitheachas dearbhaithe a chur in iúl don deontóir:

- go mbaineann na sonraisc a úsáidtear mar thacaíocht don eileamh le gníomharthaí agus seirbhísí a bhaineann le cuspóirí na scéime deontais
- gur íocadh an t-airgead atá sna sonraisc
- nár úsáideadh agus nach n-úsáidfeadh na sonraisc mar thacaíocht d'éileamh aisíocaíochta eile ó aon bhronatóir deontais eile (ach amháin sa chás go bhfuil socruithe comhchistithe déanta).

6.11 Aisíocaíochtaí

Má dhíoltar struchtúr faoi chosaint ar a bronntar cistiú **a scriosadh ón TSC**, nó má aistrítear an úinéireacht laistigh de thréimhse 5 bliana ón dáta a íoctar cistiú faoin scéim, tá an ceart ar cosaint ag an údaras áitiúil roinnt de na cistí nó iad uile a bronnadh ar an tionscadal sin a 'aisghlámadh'. Sa chás go n-aistrítear úinéireacht sula n-íoctar cistí faoin scéim seo, féadfaidh an údaras áitiúil socruithe a dhéanamh chun an cistiú a aistriú chuig úinéir nua na maoinne.

Caithfear aon chistiú a sholáthraítear don udaras áitiúil a dhéantar a aisghabháil ina dhiaidh sin faoi Alt 70 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, ó úinéir/áititheoir an struchtúir chistithe, **a aisíoc** leis an Roinn.

6.12 Iniúchadh

De réir Cuid 3.11 (e) de Chiorclán na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ba cheart do dheontóirí a chinntiú go gcuirtear deontaithe ar an eolas:

- go bhfuil dualgas orthu leabhair agus cuntais a chur ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, sa chás go dtagann 50% nó os cionn dá ioncaim iomlán ón Státchiste
- Go bhfuil de cheart ag an deontóir taifid an deontaithe a iniúchadh.

6.13 Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí

Tá ar an údarás áitiúil a chinntiú go leantar nósanna imeachta cearta maidir le cead pleanála, riachtanais bhainistíochta airgeadais, nósanna imeachta imréitigh cánach, agus bainistíocht agus cuntasacht do dheontais ón státchiste.

Ní mór do thionscadail atá ag fáil cúnamh dheontais treoirilínte i leith soláthair phoiblí a chomhlíonadh - <https://ogp.gov.ie/ga/>

6.14 Tuarascáil Bhliantúil agus Poiblíocht

Ba cheart do gach údarás áitiúil faisnéis a chur san áireamh ar oibriú na scéime ina dTuarascáil Bhliantúil. Ba cheart rannchuidiú na Roinne seo a aithint go poiblí i ngach fógra agus poiblíocht maidir leis an scéim seo.

6.15 An tAcht um Shaoráil Faisnéise

B'fhéidir go mbeidh iarratais ar chistiú faoin scéim seo faoi réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

6.16 Cáipéisí a Choinneáil

Caithfear cáipéisíocht cheart i ndáil leis an scéim seo a choimeád i gcomhad ar feadh 7 mbliana, ar a laghad. Ba cheart cáipéisíocht a chur ar fáil don Roinn ar iarratas.

6.17 Ceisteanna

Tá cinntí an Aire críochnaitheach. Ba cheart aon cheist i dtaca le riaradh na scéime seo a dhíriú ar an údarás áitiúil sa chéad chéim. I gcás gearáin, ba cheart iarratasóirí a chur ar an eolas ar an gceart atá acu go n-atreorófar iad chuig Oifig an Ombudsman.

6.18 Ráiteas GDPR/Príobháideachais

Tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta tiomanta do do phríobháideachas agus úsáideann sí slithe teicniúla agus eagraíochtúla chun do chuid faisnéise a chosaint ó úsáid neamhúdaraithe. Ní phróiseálfaidh an Roinn do shonraí pearsanta chun críche ar bith

eile seachas an chúis gur bailíodh iad. D'fhéadfaí sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais eile, le húdaráis áitiúla, gníomhaireachtaí faoin Roinn, nó le comhlacht poiblí eile, i gcúinsí ar leith a fhoráiltear sa dlí.

Ní choinneoidh an Roinn do shonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá sin chun na críche ar bailíodh iad agus ar próiseáladh iad tar éis sin. Nuair a éagann an riachtanas gnó an t-eolas seo a choinneáil, féachfar air d'fhonn na sonraí pearsanta a scrios a luaithe agus is féidir agus i gcomhréir le polasaí na Roinne. Tá breis eolais ar Chosaint Sonraí le fáil [anseo](#).

6.19 Spotseiceáil

Mar chuid de rialuithe na Roinne a dhéantar maidir le monatóireacht ar chaitheachas agus ar nósanna imeachta faoin Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha, déanann an tAonad Oidhreacht Thógtha spotseiceáil ar thionscadail a fhaigheann airgead faoin scéim. I bpointe áirithe den chéim íocaíochta, roghnófar 5% de thionscadail a fhaigheann airgead faoi scéim 2021 chun spotseiceáil a dhéanamh orthu.

Mar chuid den spotseiceáil déanfar measúnú ar na comhaid in oifigí na n-údarás áitiúil, arna leanúint le iniúchadh iarbhair ar na hoibreacha a dhéanadh. **Is gá d'iarratasóirí/úinéirí cead isteach a thabhairt don struchtúr sna cúinsí sin.**

Cinntí

Cuirfear an tuairisc dheiridh faoin tionscadal, maraon le cinntí nó moltaí na Roinne, más ann, in iúl don údarás áitiúil. Sa chás go nochtann an spotseiceáil aon ásc de mhírialtacht nó de chalaíoch, i measc na gcéimeanna a fhéadfaí a thógáil bheadh:

Mírialtacht – Tógfar ar ais aon bhuntáiste a fuarthas go mídleathach, trí oibleagáid aon airgead atá dlite nó a fuarthas go mícheart a íoc nó a aisíoc.

Calaois – Atreorú don údarás cuí.

7. Oibreacha Cáilitheacha agus Neamhcháilitheacha

Oibreacha Cáilitheacha:

Cobhsaíocht struchtúrach	<p>Oibreacha atá ríthábhachtach chun struchtúr nó cuid de struchtúr a chobhsú</p> <p>Níor cheart ach an méid is lú agus is féidir den chreatlach stairiúil a bhaint nó a bhaint dá chéile mar chuid de na hoibreacha agus ba cheart tograí chun creatlach a aiscur a áireamh</p> <p>Córais speisialaithe a shuiteáil chun monatóireacht a dhéanamh ar ghluaiseacht struchtúrach</p>
Díonta	<p>Struchtúir, clúdaigh agus gnéithe dín a dheisiú (nó a athnuachan)</p> <p>Ba cheart go mbainfeadh oibreacha úsáid as ábhair agus as ghnéithe maisiúla cuí, ba cheart tús áite a thabhairt do tharrthálas agus slinn reatha agus ábhair eile ón struchtúr a athúsáid</p> <p>Ba cheart go mbainfeadh deisiúcháin ar dhíonta tuí úsáid as ábhair agus as ghnéithe maisiúla traidisiúnta cuí i gcomhréir leis an tSraith Comhairle <i>Tuí – Treoir maidir le Díonta Tuí a Dheisiú</i>. Is fearr i gcónaí úsáid a bhaint as ábhair agus as mhodhanna a oireann don réigiún agus as fhianaise ón bhfoirgneamh féin</p> <p>Ba cheart aire speisialta a thabhairt do mhionsonraí sna hoibreacha a ndearnadh díobháil dóibh nó atá ar lár, m.sh brat miotail, líneálacha gáitéir agus fleascadh (atá déanta de luaidhe, copar nó sinc). Sa chás go bhfuil an baol ann go ngoidfear miotalóireacht ó dhíon, b'fhéidir go measfaí go mbeidh úsáid ábhar oiriúnach ionadaithe mar réiteach eatramhach inghlactha. Faoi roinnt cúinsí, b'fhéidir gur gá an fhoshraith a athdhearadh agus aird ar an mbrat chun dea-chleachtas a chomhlíonadh, is gá machnamh cúramach a dhéanamh ar na himpleachtaí amhairc agus fisiciúla, áfach, sula ndéantar athruithe</p>

	<p>Ba cheart gnéithe dín ar nós fuinneoga dormánta, fuinneoga dín, stoic shimléir agus potaí simléir, cúpólaí, balastráidí, etc. a chaomhnú agus a dheisiú i gceart</p>
Fáil réidh le huisce báistí	<p>Earraí uisce báistí a dheisiú nó a athchur</p> <p>Ba cheart earraí luaidhe agus iarainn theilgte uisce báistí a dheisiú nó, sa chás nach féidir seo a dhéanamh, a athchur le haghaidh a mhacasamhail d'earra lena chinntiú go bhfaightear réidh go héifeachtúil le huisce báistí ón bhfoirgneamh. Sa chás go bhfuil baol ann go ngoidfí rudaí nó go ndéanfar loitiméireacht, b'fhéidir go measfar go mbeidh úsáid ábhar oiriúnach ionadaithe mar réiteach eatramhach inghlactha</p> <p>Ba cheart forscieithadh agus coraí a threoraíonn uisce go dtí córais diúscartha uisce báistí a sholáthar d'fhonn, i gcás blocála, faightear réidh le huisce glan amach ón struchtúr</p>
Ballaí seachtracha	<p>Oibreacha chun ballaí seachtracha a dheisiú</p> <p>Oibreacha chun ballaí, dromchlaí agus gnéithe maisiúla, clúdaigh nó cumhdra balla ina measc a dheisiú, oibreacha chun lochtanna nó fadhbanna a réiteach a d'fhéadfadh díobháil thromchúiseach a dhéanamh amach anseo mura réitítear iad, ar nós socrú bunsraithe, titim simléir, ionsaí fungasach ar adhmaid, nó aistriú salainn laistigh den chreatlach</p> <p>Oibreacha chun déileáil le saincheistean taise, ar nós aerú a sholáthar, agus draenacha spallaí a sholáthar (faoi réir riachtanais Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta i gcás láithreáin atá íogair i dtaobh na seandálaíochta de)</p> <p>Oibreacha chun gnéithe atá suite i mballaí, ar nós saothar iarainn nó daingneáin</p>
iúinéireacht sheachtrach	<p>Deisiúcháin ar shiúinéireacht sheachtrach</p> <p>Oibreacha chun cosc a chur ar iontráil uisce</p> <p>Deisiúcháin ar ghnéithe suntasacha den tsiúinéireacht sheachtrach, ar nós fuinneoga, doirse agus gnéithe gaolmhara, agus a laghad adhmaid mheathlaithe a athchur agus is féidir agus stráicí nua a roghnú go cuí agus na gnéithe maisiúla cuí a bheith orthu. Ba cheart tús áite a thabhairt do tharrthálas agus do ghloine stairiúil a athúsáid</p> <p>B'fhéidir go gcáileoidh oibreacha chun fuinneoga agus doirse a dhéanamh díonmhar ar shéideáin i gcomhréir leis <i>an tSraith Comhairle</i> (féach 'An Treoir um Éifeachtúlacht Fuinnimh' agus 'Oibreacha Neamhcháilitheacha' lastall)</p>
Gloine dhaithe	<p>Deisiúcháin ar fhuinneoga daite</p> <p>Ba cheart tabhairt faoi phainéil ghloine daite agus daingneáin ghaolmhara a dheisiú, agus sciatha sreinge a shuiteáil nó painéil a athshuíomh laistigh de ghloiniú isiteirmeach i gcomhréir le Caibidil 6 de <i>The Conservation of Places of Worship</i> (an tSraith Comhairle, 2011).</p>
Daingneáin sheachtracha	<p>Daingneáin sheachtracha a dheisiú agus a chaomhnú</p> <p>Is féidir mar shampla, síothla, dealbha, balcóiní, ceannbhrait, crainn bhrataí, eítí gaoithe agus cloig ghréine a dteastaíonn caomhnú uathu go práinneach a áireamh le daingneáin cháilitheacha</p> <p>Tabhairt faoi deara gur cheart tús áite a thabhairt i gcónaí do dheisiúcháin phráinneacha, seachas daingneáin a chaomhnú. Ba cheart tús áite a thabhairt do dhaingneáin atá ceangailte leis an taobh amuigh i gcomparáid leo siúd atá cosanta ón aimsir</p>

Oibreacha Cáilitheacha (ar leanúint):

Taobh Istigh	<p>An struchtúr agus na gnéithe inmheánacha a dheisiú agus a chaomhnú</p> <p>Áirítear leis seo deisiúcháin ar ghnéithe den struchtúr inmheánach, ar nós urlár, ballaí, staighrí agus landairí (féach chomh maith 'Oibreacha Neamhcháilitheacha' thíos)</p> <p>Oibreacha chun gnéithe suntasacha maisiúla stairiúla a chaomhnú, ar nós obair phlástair, siúinéireacht inmheánach agus daingneáin agus gnéithe maisiúla, faoi mar is cuí</p>
Innealra	<p>Innealra a dheisiú ar chuid lárnach de struchtúr é</p> <p>Féadtar páirteanna gluasteacha foirgneamh lena mbaineann oidhreacht thionsclaíoch nó atá ina ndíol spéise eolaíochta, nó innealra ar nós innealra stáitse le haghaidh amharclanna stairiúla nó suiteáin seirbhíse ar nós ardaitheoirí luatha nó stairiúla, meicníochtaí pluiméireachta agus córais téimh a áireamh le hinnealra a cháilíonn</p>
Fothracha stairiúla	<p>Oibreacha chun saoirseacht nó gnéithe eile atá i mbaol a chobhsú nó a chosaint</p>
Feabhsúcháin ar éifeachtúlacht fuinnimh	<p>Oibreacha chun feidhmíocht theirmeach agus éifeachtúlacht fuinnimh an fhoirgnimh a mhéadú ar aon dul leis an treoir ábhartha sa tSraith Comhairle</p> <p>D'fhonn cáiliú, caithfidh na gnéithe cuí maisiúla a bheith le sonrú sna hoibreacha, agus úsáid á baint as ábhair atá oiriúnach lena n-úsáid i bhfoirgneamh stairiúil, agus a shonraíonn gairmí cáilithe caomhnaithe. Caithfidh bail mhaith a bheith ar an bhfoirgneamh agus caithfidh go ndéantar dea-chothabháil air. Féadfaidh an méid seo a leanas a bheith i gceist le hoibreacha um éifeachtúlacht fuinnimh:</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Fuinneoga, doirse agus oscailtí eile a dhéanamh díonmhar ar shéideáin ○ Inslíú áiléir/lochta a dhéanamh ar dhíonta claonta ○ Aonaid ardéifeachtúla agus rialúcháin nuashonraithe a chur in ionad seirbhísí atá as dáta ○ Comhlaí stairiúla fuinneoige a dheisiú agus a nuashonrú ○ Gloiniú tánaisteach ar a bhfuil na sonraí cuí a shuiteáil ○ Inslíú a dhéanamh ar urláir chrochta adhmaid
Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (LCA)	<p>Oibreacha ar struchtúir a chuireann le carachtar LCA</p> <p>Oibreacha deisiúcháin ar an taobh amuigh de struchtúr a chuireann le carachtar LCA nó deisiúcháin a dhéanamh ar a phríomhghnéithe struchtúracha</p> <p>Áirítear leis seo gnéithe ailtireachta a aiscur, sa chás go bhfuil na sonraí agus an tsonraíocht chúí acu, ar nós saifhuinneoga, aghaidheanna siopa, ráillí nó a mhacasamhail ach amháin nuair atá an t-aiscur ríthábhachtach maidir le dearadh agus carachtar an fhoirgnimh stairiúil, an bhailidheachta nó na sráide. Níor cheart go n-áireofaí leis oibreacha d'atógáil thuairimeach agus ba cheart go mbunófaí sonraí faoi ghnéithe ar fhianaise dhaingean fhisiciúil nó cháipéisíochta.</p> <p>B'fhéidir go nglacfar le hoibreacha ar nós scéimeanna deisiúcháin agus/nó athmhaisithe do roinnt foirgneamh sa chás gur cuspóir de chuid an údaráis áitiúil é seo</p>

Oibreacha Cáilitheacha (ar leanúint):

Seirbhís	<p>Oibreacha ar sheirbhísí feidhmeacha</p> <p>Mar shampla leictreachas, gás, téamh agus draenáil ach amháin nuair is gá cur isteach orthu fad a dhéantar deisiúcháin eile a chistítear</p>
Oibreacha sealadacha	<p>Oibreacha chun an riosca i leith struchtúir a laghdú</p> <p>Idir thitim agus titim pháirteach, díobháil aimsire, tine, loitiméireacht agus rochtain neamhúdaraíthe. Ba cheart go gcinnteodh na hoibreacha siúd go leantar leis an struchtúr a aerú go leordhóthanach agus go gcosnaítear gnéithe suntasacha an fhoirgnimh ó bheith curtha i mbaol</p> <p>Faoi chúinsí eisceachtúla, nuair a mheastar gur gá daingneáin nó gnéithe ar díol spéise iad a bhaint amach ar mhaithe le hiad a choinneáil slán, braithfidh seo ar thograí inghlactha a chur san áireamh dá stóráil slán go dtí go n-aischuirtear iad ag tráth níos déanaí laistigh d’amfhráma a luaitear</p>
Oibreacha eile	<p>Féadfaidh iarratasóir agus/nó an t-údarás áitiúil cás a dhéanamh d’oibreacha eile nach liostaítear thuas nuair a mheasann siad go mbaineann tábhacht eisceachtúil leo</p>
Táilí gairmiúla	<p>Táilí gairmiúla a tabhaíodh don chuid sin de na hoibreacha caipitiúla a cistíodh, suirbhéanna agus ráitis mhodha ina measc a thugann le fios modhanna agus seicheamh na n-oibreacha, maoirseacht agus monatóireacht ar an láthair, costais taistil agus chothabhála réasúnta agus an t-ainm a cuireadh leis an tionscadal</p>

Oibreacha Neamhcháilitheacha:

Gnáthamh cothabhála	<p>Gnáthamh cothabhála agus miondeisiúcháin</p> <p>De ghnáth, níl oibreacha dá leithéid incháilithe faoin scéim. Mar sin féin, leanfaidh an Roinn ar aghaidh leis an micrea-scéim deontais in 2021 le haghaidh oibreacha mar chothabhaíl ghnáthaimh agus mion-deisiúcháin.</p>
Athruithe	<p>Athruithe agus feabhsúcháin</p> <p>Ní cháilíonn na hoibreacha nua go léir ar struchtúr, mar shampla, an struchtúr a dhéanamh díonach ar shéideáin, athchóiriú lochta agus sínte a shuiteáil nó a athnuachan, seachas oibreacha feabhsúcháin um éifeachtúlacht fuinnimh a dtugtar cuntas orthu i gCuid 2.6</p>
Scartáil	<p>Scartáil</p> <p>Ní cháilíonn oibreacha chun aon chuid nó aon ghné de struchtúr faoi chosaint a scartáil nó a bhaint, seachas nuair is gá rudaí a bhaint anuas go cúramach mar chuid den tionscadal sula n-aischuirtear iad nó nuair is gá obair a dhéantar níos déanaí a bhaint a athraíonn nó a dhéanann bundearadh an fhoirgnimh a cheilt</p>

Oibreacha Neamhcháilitheacha (ar leanúint):

Athchóiriú	<p>Athchóiriú agus Atógáil</p> <p>Oibreacha d'atógáil thuairimeach sa chás nach ann d'fhianaise dhaingean fisiciúil nó cháipéisíochta i leith staid an struchtúir nó na gné ní ba luaithe</p>
Neamh-bhun-tábhachtach	<p>Oibreacha neamh-bhun-tábhachtach</p> <p>Oibreacha nach bhfuil bun-tábhachtach i leith chaomhnú slán an struchtúir</p>
Ar bun cheana féin	<p>Oibreacha ar bun cheana féin</p> <p>Oibreacha ar cuireadh tús leo sula bhfuarthas fógra gur faomhadh an cistiú faoin scéim nó sa chás gur cuireadh tús le hoibreacha sular thug an t-údarás áitiúil faoi chigireacht ar an bhfoirgneamh dá mbeartaítear na hoibreacha</p>
Ballaí Seachtracha	<p>Ballaí seachtracha agus struchtúr a dhéanamh díonach ar shéideáin</p> <p>Fágtar rindreáil a bhaint ón taobh amuigh a rinneadh a rindreáil roimhe seo agus athphointeáil ghaolmhar as an áireamh, seachas nuair is ionann iad seo agus idirghabháil mhíchuí a rinneadh ní ba dhéanaí a bhfuil díobháil á déanamh acu don chreatlach stairiúil</p> <p>Plástair thancála nó uiscédhíonacha a chur suas chun dul i ngleic le fadhbanna taise</p> <p>Oibreacha chun cúrsa taisdíonach a shuiteáil, cé acu más cúrsa fisiciúil nó ceimiceach é</p>
Siúinéireacht sheachtrach	<p>Siúinéireacht sheachtrach</p> <p>Aonaid dhéghloinithe, aonaid dhéghloinithe chaolphróifíle agus aonaid atá séalaithe le folús, a shuiteáil isteach i saiseanna nó cáismintí nua nó reatha</p> <p>Gloiniú stoirme a fheistiú</p> <p>Gloine atá éifeachtúil i dtaobh fuinnimh a chur in ionad gloine stairiúil</p>
Éifeachtúlacht fuinnimh	<p>Éifeachtúlacht fuinnimh</p> <p>Micrea-athnuaiteáin a shuiteáil, ar nós painéil fhótavoltacha nó tuirbíní gaoithe</p> <p>Ní cháilítear insliú balla sheachtraigh a dhéanamh, seachas nuair is féidir rindreáil inslithe a chur suas nach dteastódh uaidh go mbainfí an rindreáil stairiúil agus a bheadh de thiús a d'oirfeadh do ghnéithe maisiúla an fhoirgnimh.</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Ní cháileoidh insliú cuí balla inmheánaigh a chur suas, seachas faoi chúinsí nach n-imreofar aon tionchar ar ghnéithe ailtireachta agus nuair nach n-imrítear drochthionchar ar 'acmhainn anála' an struchtúir fhoirmiáil. ○ Ní cháileoidh urláir sholadacha a insliú, seachas nuair a cailleadh an t-urlár stairiúil roimhe seo.

Oibreacha Neamhcháilitheacha (ar leanúint):

An Réimse
poiblí

Oibreacha sa Réimse Poiblí (Limistéir Chaomhantais Ailtireachta)

I gcás LCA, ní chuirfear oibreacha sa réimse poiblí san áireamh

Teagmháil

Chun teacht ar bhreis faisnéise i dtaca le hoibriú na scéime seo, ba cheart d'iarraitasóirí teagmháil a dhéanamh leis an rannóg ábhartha san údarás áitiúil sa chéad chás. Féadfaidh údarais áitiúla teagmháil a dhéanamh le **Rannóg Beartas Oidhreacht Tógtha** na Roinne.

8. Forbhreathnú ar an bPróiseas



9. Ráiteas Modha

Ba cheart go ndéanfaí cur síos sa **Ráiteas Modha** ar bhail an struchtúir agus go sonrúfaí conas a dhéanfar na hoibreacha caomhnaithe/ deisiúcháin. Ba cheart go mbeadh sé cuí do chineál agus scála na n-oibreacha a bheartaítear e.g. ní theastóidh an méid céanna sonraí ó ráiteas modha maidir le hatuódóireacht a bheidh ag teastáil le haghaidh deisiúcháin struchtúracha nó saoirseachta.

Caithfidh na hoibreacha a bheartaítear cloí le dea-chleachtas caomhnaithe faoi mar a dtugtar cuntas air in Cosaint Oidhreacht Ailtireachta - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála. Ba cheart go mbeadh oibreacha bunaithe ar thuiscint ar an struchtúr, agus ba cheart dóibh úsáid a bhaint as ábhair chuí. Ba cheart go mbeadh sé de chuspóir acu stad a chur le meathlú breise trí dhul i ngleic leis sin is cúis leis an struchtúr a chur i mbaol. Ba cheart a laghad ábhar bunúil agus is féidir a ionadú agus níor cheart seo a dhéanamh ach nuair a bhíonn gá iomlán leis. Ba cheart go n-áireofaí leis an Ráiteas Modha:

Is gá go n-áireofar na nithe seo sa Ráiteas Modha

1. Cur síos achomair ar an struchtúr

Cur síos, ina bhfuil a ghnéithe suntasacha go léir breactha síos, an chuma atá air, a shuíomh, a fhoirm, an bhail atá air, an fheidhm a bhaintear as faoi láthair, an tábhacht a bhaineann leis, stair ghearr ailtireachta (má tá fáil air), agus na hábhair a bhfuil sé déanta díobh. Ina theannta sin, caithfear léarscáil de shuíomh an láithreáin atá den scála agus den cháilíocht oiriúnach atá marcáilte go soiléir a sholáthar chomh maith.

2. Cur síos ar na hoibreacha a bheartaítear

Ba cheart go sainithneofaí ann seo na saincheisteanna is cúis le baol, cén oibreacha deisiúcháin a bheartaítear, conas a dhéanfar an obair, cén ábhair a úsáidfar, agus conas a chaomhnófar creatlach an fhoirgnimh. Caithfear a áireamh leis na pleananna, líníochtaí agus na meáin amhairc ábhartha lena dtacaíonn, ar nós grianghraf nó léaráidí eile agus ba cheart go n-áireofaí leis, go tipiciúil, na saincheisteanna seo a leanas:

- a) An bhfuil na hoibreacha sealadach nó buan?
- b) Cén saghas deisiúcháin atá á bheartú agus ag cén láithreacha a bheartaítear iad?
- c) Cén cóireáil/ionadú creatlaí a bhfuil díobháil déanta di a bheartaítear?
- d) Cén ábhair ionaid (más ann dóibh) a chorprófar?
- e) Sonraí faoi mhaoirseacht agus monatóireacht ar an láthair
- f) Sceideal gearr ar na hoibreacha nó sraith na n-oibreacha
- g) Costas measta an tionscadail

3. Ráiteas tionchair agus bearta maolaithe a bheartaítear (más infheidhme)

Aon tionchar dóchúil a imreoidh na hoibreacha oibre ar struchtúr agus bealaí chun drochthionchar a mhaolú. Féadtar a áireamh le maolú dearadh, uainiú agus modheolaíocht (i.e. deisiúcháin dín atá uainithe lena sheachaint cur isteach ar choilíneachtaí ialtóg nó oibreacha rindreála atá uainithe chun ligean do mhoirtéal aoil éirí crua), inaisathraitheacht, ábhair a roghnú go cúramach, etc.

Déan crosthaireacht den ráiteas modha leis an bplean traenála, más iomchuí.